
**An Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia**

**Seisiún 1**

*16.12.2022-18.12.2022*






#FoodWasteEU

European Commission

## 1. Forbhreathnú

An Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia, is painéal é ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus atá le teacht le chéile le haghaidh trí sheisiún. Bhí an chéad seisiún ar siúl ón 16-18 Nollaig 2022 sa Bhruiséil agus chuir sé an t-ábhar chomh maith le comhthéacs an phainéil i láthair. Chuir saoránaigh aithne ar a chéile agus d'fhoghlaim siad faoi rialacha le haghaidh pléití cuiditheacha. Ansin chuir siad eolas níos doimhne ar shaincheist agus ar dhúshlán an chur amú bia san Eoraip. Chuidigh ionadaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus cainteoirí seachtracha le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar na cuir chuige agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú le cur amú bia a laghdú, ach leag siad bacainní, dúshláin agus cruachásanna amach freisin chomh maith le tairbhí agus deiseanna gaolmhara. Ba é cuspóir an chéad seisiúin smaointe a ghiniúint agus cnuasaigh de chuir chuige a thógáil a measann na saoránaigh gurb iad is mó ab fhiú a phlé sna seisiúin atá le teacht.

**<u>Lá 1 (Dé hAoine)</u>**

Dé hAoine, chuir na príomh-mhodhnóirí agus ionadaithe an Choimisiún Eorpaigh fáilte roimh na saoránaigh, ba iad sin: An tArd-Stiúrthóir Pia Ahrenkilde Hansen, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Dubravka Šuica, agus an Coimisinéir um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia Stella Kyriakides. Léirigh siad an tábhacht a bhaineann leis an bPainéal Saoránach agus le ról an Aontais maidir le dul i ngleic le cur amú bia. Thug na príomh-mhodhnóirí léargas do na saoránaigh ar chlár oibre sheisiúin 1 chomh maith leis na seisiúin atá le teacht. Tar éis roinnt cluichí chun an comhrá a spreagadh, chuidigh suirbhé gearr ar líne le saoránaigh tabhairt faoi cheist an chur amú bia. Chun na saoránaigh a ullmhú níos mó le haghaidh an phlé ina dhiaidh sin thug Gaëtane Ricard-Nihoul, Leas-Cheann Aonaid Aonad Chomhphlé na Saoránach, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach, thug sí forléargas tapa ar chomhlachtaí an Aontais, chomh maith leis an bpróiseas cinnteoireachta agus reachtach. Ina dhiaidh sin, chuir Anne-Laure Gassin, Ceann Foirne Aonad na Straitéise 'ón bhfeirm go dtí an forc', Ardrúnaíocht um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia, An Coimisiún Eorpach, chuir sí ábhar an chur amú bia i láthair go mionsonraithe. Gyula Kasza, Comhordaitheoir Maradék Nélkül (An Tionscadal um Dhramhaíl Nialasach), is é sin clár náisiúnta na hUngáire chun cur amú bia a chosc, agus Ollamh comhlach ag Ollscoil Tréidliachta na hUngáire, rinne sé an t-ábhar a leathnú níos mó agus dhírigh Toine Timmermanns, bainisteoir an chláir 'Sustainable Food Chains' (slabhraí bia inbhuanaithe) ag Ollscoil Wageningen, ar na ceisteanna seo a leanas: 1. Cad é an dúshlán, agus 2. Cad is féidir linn a dhéanamh? Ina theannta sin, bhí painéal saineolaithe agus cleachtóirí seachtracha ón earnáil phoiblí agus phríobháideach ann (painéal a raibh bheith istigh ann ag slabhra an tsoláthair bia, an pobal taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) a chuir peirspictíochtaí éagsúla i láthair maidir le ceist an chur amú bia. Trí shuirbhé ar líne, bhí saoránaigh in ann ceisteanna a chur isteach go leanúnach agus d'fhreagair saineolaithe na ceisteanna sin le linn an deiridh seachtaine sa 'Lárionad Eolais agus Faisnéise' (KIC).

**<u>Lá 2 (Dé Sathairn)</u>**

Dé Sathairn, d'oibrigh na saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu agus a ndearna éascaitheoirí cleachta éascaíocht dóibh. Chruthaigh na grúpaí a gcuid ábhair i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le grúpaí eile. Le linn na chéad choda den lá, bhí plé i ngrúpaí ar bun maidir le luachanna an Aontais, leis an mbia, agus leis an gcur amú bia go ginearálta. Ina dhiaidh sin, dhírigh an plé ar réitigh fhéideartha agus ar smaointe le haghaidh cur amú bia a laghdú agus ar thosaíocht a thabhairt dóibh sin. Roghnaigh gach grúpa na cúig smaoineamh agus chur chuige ab fhearr a bhí acu maidir le cur amú bia a laghdú. Iarradh ansin ar shaoránaigh cuir chuige na ngrúpaí eile a nascadh lena smaointe féin, agus rannchuidiú ar an gcaoi sin le cnuasach a dhéanamh

den 60 smaoineamh agus cur chuige ar fad a raibh tús áite tugtha dóibh cheana féin. Le linn na coda deireanaí den lá, fuair gach grúpa ceann de na cnuasaigh a sainaithníodh roimhe sin. Ansin, iarradh ar shaoránaigh na cnuasaigh a lipéadú agus a phlé. Chomhlánaigh siad na cnuasaigh le smaointe breise agus cheap siad bonn cirt maidir leis an bhfáth go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcnuasach sin. Ba é an sprioc a bhí ann braistint choiteann úinéireachta a thabhairt do shaoránaigh agus ligean do gach duine a chuid smaointe a chur leis an ábhar. Ag deireadh an lae, agus na cnuasaigh tugtha chun críche, aistríodh iad go huathoibríoch go teangacha oifigiúla uile an Aontais chun leagan díobh a chur ar fáil do shaoránaigh ina dteanga féin.

**<u>Lá 3 (Dé Domhnaigh)</u>**

Maidin Dé Domhnaigh, fuair na rannpháirtithe a gcnuasach ina dteanga féin ag tús an tseisiúin iomlánaigh. Chuir cainteoirí ó gach meitheal na cnuasaigh agus a mbonn cirt i láthair. Iarradh ansin ar shaoránaigh tús áite a thabhairt do chnuasaigh thar a chéile i 'bhFóram Oscailte' ina raibh 10 bpóstaer ar ar taispeánadh na cnuasaigh agus na hainmneacha a thug na meithleacha ar na cnuasaigh sin. Bhí cúig phointe an duine ag na saoránaigh, pointí a d'úsáid siad chun na cnuasaigh ab fhearr leo a rátáil ar na póstaeir. Tar éis sos caife, tionóladh seisiún ceisteanna agus freagraí chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna oscailte agus na ceisteanna a tháinig aníos arís agus arís le linn an deiridh seachtaine chomh maith le ceisteanna gan choinne sa seisiún iomlánach. Ina dhiaidh sin, cuireadh rangú na gcnuasach i láthair chomh maith le faisnéis maidir leis an gcéad seisiún eile a thionólfar go fíorúil. **Richard Kühnel, Stiúrthóir, Ionadaíocht agus Cumarsáid sna Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, dúirt sé an focal scoir agus d'fhág sé slán ag** an bpainéal.

## 2. Clár oibre gearr

| **Dé hAoine an 16 Nollaig SEISIÚN IOMLÁNACH** | |
|---|---|
| 02:00pm – 02.15pm | Focal fáilte ón gCoimisiún Eorpach |
| 02-15pm - 03:30pm | Aithne a chur ar a chéile, ionchur maidir le hinstitiúidí agus reachtaíocht an Aontais, ról na saoránach sa phróiseas sin. |
| 03:30pm – 04:00pm | Sos caife |
| 04:00pm – 06:00pm | Réamhrá maidir leis an gcur amú bia agus an slabhra luacha, díospóireacht phainéil mhodhnaithe maidir le gníomhaíochtaí chun an cur amú bia a laghdú le geallsealbhóirí éagsúla, cúrsaí eagraíochtúla. |

| **Dé Sathairn an 17 Nollaig MEITHLEACHA** | |
|---|---|
| 09:00am – 10:30pm | Cé tú féin agus cad atá tábhachtach duit? Aithne a chur ar a chéile, luachanna pearsanta a phlé, nósanna (cur amú) bia a phlé |
| 10:30am – 11:00am | Sos caife |
| 11:00am – 01:00pm | Conas is féidir linn an cur amú bia a laghdú agus cé na réitigh is tábhachtaí de réir cosúlachta? Cuir chuige agus gníomhaíochtaí éagsúla a phlé, smaointe a ghiniúint, tús áite a thabhairt do nithe áirithe |
| 01:15pm – 02:15pm | Sos lóin |
| 02:30pm – 04:00pm | Cé ná smaointe ó ghrúpaí eile atá cosúil lenár smaointe féin? Cuir chuige a nascadh le cuir chuige na meithleacha eile (nascadh agus cnuasach) |

| | |
|---|---|
| 04:00pm – 04:30pm | Sos caife |
| 04:30pm – 06:00pm | Conas is féidir linn smaointe den chineál céanna a lipéadú agus cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leo chun an cur amú bia a laghdú? Ag obair le cnuasaigh cur chuige agus iad a lipéadú (catagóiriú) |

| Dé Domhnaigh an 18 Nollaig SEISIÚN IOMLÁNACH | |
|---|---|
| 09:00am – 10:45am | Cén toradh atá ar na meithleacha? Cur i láthair na gcnuasach, Fóram Oscailte, tosaíocht a thabhairt do na cnuasaigh |
| 10:45am – 11:15am | Sos caife |
| 11:15am – 01:00pm | Cad atá foghlamtha againn an deireadh seachtaine seo agus cad í an chéad chéim eile? Freagraí ar na ceisteanna lárnacha |

## 3. Liosta na saineolaithe a bhí rannpháirteach

Le linn an chéad seisiúin, bhí na saineolaithe seo a leanas rannpháirteach:

**Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh:**

1. **Gaëtane Ricard-Nihoul,** *Leas-Cheann Aonaid Aonad Chomhphlé na Saoránach, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach*
2. **Anne-Laure Gassin,** *Ceann foirne na Straitéise 'ón bhfeirm go dtí an forc', an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach*

**Saineolaithe agus cleachtóirí seachtracha:**

1. **Toine Timmermans,** *Bainisteoir an chláir 'Sustainable Food Chains' (slabhraí bia inbhuanaithe) ag Ollscoil Wageningen*
2. **Victor De Meester,** *Comhordaitheoir Comhshaoil Colruyt Group*
3. **Betty Chang,** *Ceann foirne an Limistéir Taighde, An Chomhairle Eorpach maidir le Faisnéis Bhia*
4. **Thomas Candéal,** *Bainisteoir Tionscadail, An Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chur Amú Bia*
5. **Maïwenn L´Hoir,** *Bainisteoir Tionscadail ar son an chomhraic i gcoinne an chur amú bia agus na neamhshlándála bia - bia inbhuanaithe, Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis na Fraince*
6. **Gyula Kasza,** *Comhordaitheoir Maradék Nélkül (An Tionscadal um Dhramhaíl Nialasach), clár náisiúnta na hUngáire chun cur amú bia a chosc; Ollamh comhlach ag Ollscoil Tréidliachta na hUngáire*
7. **Bruno Menne,** *Comhairleoir Sinsearach Beartais maidir leis an tsábháilteacht bia, le faisnéis do thomhaltóirí, le cothú agus beatha ainmhithe, agus le dearbhú cáilíochta ag COPA COGECA*
8. **Angela Frigo,** *Ard-Rúnaí, Cónaidhm Eorpach na mBanc Bia*

## 4. Cnuasaigh atá sainithe ag na saoránaigh

Bhí torthaí na meithleacha grúpáilte ina 10 gcnuasach. Le linn an Fhóraim Oscailte rangaíodh iad de réir tosaíochta san ord seo a leanas (Is féidir teacht ar na torthaí cnuasaithe uile in Iarscríbhinn 1: Torthaí cnuasaithe):

1. C6: Feirmeoirí áitiúla agus táirgeoirí beaga: réiteach inmharthana ar an gcur amú bia?
2. C2: Foghlaim agus múscailt feasachta
3. C3: 'Drochbhlas na dramhaíola': Feachtas in aghaidh an Chur Amú Bia
4. C10: Ná cuir bia amú, roinn é le daoine eile! / Ní sábháil go roinnt / Aontas dlúthpháirteach ar son rochtain chothrom ar bhia agus ar son an chur amú bia a laghdú
5. C8: Lipéadú: Daoine a chur ar an eolas maidir le cur amú a laghdú
6. C1: Méid sciartha agus úsáid fuílligh
7. C7: Tionscnaimh atá le glacadh ag ollmhargaí agus ag an slabhra dáilte chun tuairisciú maidir leis an gcur amú bia agus chun an cur amú bia a laghdú
8. C9: Cáilíocht agus cainníocht na faisnéise maidir le cur amú bia ar feadh an tslabhra luacha
9. C5: Dreasachtaí chun an cur amú bia corparáideach a laghdú
10. C4: Cumas na rannpháirtithe uile a ndéantar difear dóibh tionchar a imirt ar bheartas bia an Aontais

## 5. Taifid ar na seisiúin iomlánacha

16.12.2023: **https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-food-waste-session-1-22-12-16**
18.12.2023: **https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-food-waste-session-1-22-12-18**